

Ábhar Bhailiúchán na Scol ó Chontaetha Chill Mhantáin, Cheatharlach agus Loch Garman ar www.duchas.ie anois

Is féidir béaloideas agus stair áitiúil ó Chontaetha Chill Mhantáin, Cheatharlach agus Loch Garman a léamh ar www.duchas.ie anois.

Ábhar béaloidis a thairfead daltaí scoile idir 1937 agus 1939 is ea Bailiúchán na Scol, cuid thábhachtach de Chnuasach Bhéaloideas Éireann, UCD. Tá breis agus leathmhilliún leathanach i gceist, a thairfead tuairim is 50,000 dalta bunscoile sna 26 chontae.

Tá ábhar béaloidis as Bailiúchán na Scol á fhoilsiú ar duchas.ie ó dheireadh 2013 agus is í aidhm an tionscadail go mbeidh imleabhair uile Bhailiúchán na Scol ar fáil ar líne faoi dheireadh 2016. Tá ábhar ó na contaetha seo a leanas: Baile Átha Cliath, Maigh Eo, Dún na nGall, Port Láirge, Gaillimh, Liatroim, Cill Dara, Ciarraí, Sligeach, Luimneach, Muineachán, Laois, Cill Chainnigh, Lú, Tiobraid Árann, An Clár, An Cabhán, An Longfort, An Mhí, Ros Comáin agus An Iarmhí ar fáil ar an suíomh cheana. Is toradh é duchas.ie ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann (UCD), Fiontar (DCU) agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

Cuirfidh Éireannaigh agus lucht an diaspóra araon suim sa suíomh seo. Is áis iontach é duchas.ie do thaighdeoirí a chuireann suim i léann an bhéaloidis, sa stair áitiúil, sa tseandálaíocht, i gcúrsaí ginealais, sa teangeolaíocht agus i réimsí taighde eile. Is féidir an bailiúchán a chuardach faoi láthair de réir áiteanna agus de réir daoine; seolfar cuardach de réir topaicí i mbliana.

Ghlac breis agus 70 scoil páirt sa scéim i gContae Chill Mhantáin agus tiomsaíodh 17 n-imleabhar d'ábhar béaloidis. I gContae Cheatharlach, ghlac beagnach 40 scoil páirt sa scéim agus ba é 9 n-imleabhar toradh a gcuid saothair. Ghlac breis agus 120 scoil páirt sa scéim i gContae Loch Garman agus tiomsaíodh 33 imleabhar d'ábhar béaloidis.

Dúirt an tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, Seán Kyne, TD, 'Is céim thábhachtach eile í seo sa tionscadal nuálach seo a chuirfidh ábhar úr maidir le saol traidisiúnta na hÉireann sna blianta a chuaigh thart ar fáil don phobal i gcoitinne. Cuirfidh an t-ábhar nua seo ar chumas an taighdeora agus go leor daoine eile an difríocht a fheiceáil idir saol an lae inniu agus an saol mar a bhíodh, breis agus 80 bliain ó shin.'

Tá duchas.ie á fhorbairt ag Fiontar, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in DCU, agus ag Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD, ceann de na cnuasaigh béaloidis is mó ar domhan. Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag UCD agus ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.


Tá ról comhairleach ag Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI) in obair duchas.ie maidir le caighdeán agus idir-inoibritheacht i gcartlannú digiteach.

CRÍOCH

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Clare Coughlan

clare.coughlan@dcu.ie

(01) 700 6577



An Roinn Ealaíon, Oidhreachta,
Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage,
Regional, Rural and Gaeltacht Affairs



Nóta d’eagarthóirí:**Ábhar Chontaetha Chill Mhantáin, Cheatharlach agus Loch Garman**

I measc an ábhair béaloidis a bailíodh sna contaetha seo tá stairsheanchas, dinnseanchas, scéalta béaloidis agus finscéalta, cluichí agus caithimh aimsire, modhanna oibre agus ceirdeanna. Tá scéalta a bhaineann go dlúth le béaloideas agus le stair gach aon chontae faoi seach agus tá scéalta a léiríonn cuid dá stair choiteann. Bhí 1798 ar na blianta ba thábhachtaí i stair na tíre seo agus is cinnte gur fhág imeachtaí na bliana sin a lorg ar bhéaloideas oirdheisceart na tíre. Idir scirmisí, chathanna, laochra agus bhithiúnaigh, faightear an-léargas ar imeachtaí agus ar rannpháirtithe áirithe na gcontaetha seo.

Nuair a luaitear 1798 agus Loch Garman, smaoiníonn daoine ar Bhuaile Mhaodhóg, áit a raibh an tAth. Seán Ó Murchú ag déanamh freastal ar phobal Chill Chormaic. Insítear sa scéal [seo](#) gur cuireadh tús le himeachtaí ‘98 i Loch Garman nuair a dhóigh na gíománaigh séipéal Bhuaile Mhaodhóg. Thug an tAth. Seán arm le chéile agus thug siad a n-aghaidh ar an mBráca. Bhuaigh siad ar Mharcshlua Cham Eolaing agus maraíodh na ceannairí Bookey agus O’Donovan. Is cosúil go bhfuil sruthán ar imeall an tsráidbhaile sin a bhfuil ‘Bookey’s Stream’ air i gcónaí. Is féidir léamh faoi shaol, gabháil agus bás an Ath. Uí Mhurchú sa scéal [seo](#) agus sa scéal [seo](#). Deirtear gur crochadh agus gur dódh é agus gur cuireadh a thaisí loisceithe reilig Fhearna. Déantar ceiliúradh ar éachtaí an tsagairt cháiliúil san amhrán [seo](#) fosta. Tá roinnt scéalta ann chomh maith faoi shagart dá shloinne céanna, an tAth. Micheál Ó Murchú a maraíodh ag Cath an Inbhir Mhóir. Deirtear sa scéal [seo](#) gur tháinig an mháthair ar a chorp sa chlaí nuair a dhiúltaigh a capall dul thar áit áirithe ar an mbóthar. Rinneadh comóradh céad bliain ar imeachtaí ‘98 i Loch Garman in 1898 agus tá cuntas agus grianghraf den ócáid sin le fáil [anseo](#).

Luadh an tInbhear Mór cheana agus is cinnte gur imir imeachtaí ‘98 tionchar nach beag ar bhéaloideas Chill Mhantáin chomh maith. Tá roinnt mhaith scéalta faoi Mhicheál Ó Duibhir, ceannaire áitiúil na nÉireannach Aontaithe, agus baineann cuid acu lena bhealaí éalaithe a bhraith níos mó ar an ádh dearg ná ar aon ní eile in amanna. Insítear sa scéal [seo](#) gur caitheadh urchar leis agus gur tháinig sé slán toisc gur shleamhnaigh sé ar leac oighir – scinn an t-urchar os a chionn. Deirtear sa scéal céanna go ndearna na gíománaigh ruathar ar theach ina raibh sé ag stopadh. Chuaigh sé i bhfolach taobh thiar de chráin theasaí i gcro na muc agus nuair a tháinig Oifigeach ina threo bhroid Micheál an chráin lena bheaignit. D’éirigh an chráin ar a cosa deiridh agus bhain an tOifigeach na boinn as! I nDoire na Muc, áit a bhfuil Teach Uí Dhuibhir Mhic Alastair i gcónaí, bhí an teach timpeallaithe oíche amháin. Deirtear sa scéal [seo](#) go bhfuair sé coimirce aistir do na páistí agus do na mná sular shleamhnaigh sé féin amach as an teach. Maidir lena chuid gaiscí míleata, tá scéal le léamh [anseo](#), agus leagan eile [anseo](#), faoin gcaoi ar sheas sé féin agus 8 dá bhuíon an fód i gcoinne 400 den namhaid ag Cnoc Chéidín. Tháinig an aimsir i gcabhair air agus bhí siad in ann éalú nuair a thit brat ceo ar an gcnoc. Ghéill sé faoi dheireadh mar chúiteamh ar phardún ach bhris na húdaráis a bhfocal de réir an scéil [seo](#), agus díbríodh é chun na hAstráile. Tá 2 amhrán éagsúla i measc ábhar Chill Mhantáin atá tiomanta do Mhac Uí Dhuibhir – ceann [anseo](#) agus ceann eile [anseo](#).

Maidir le himeachtaí ‘98 i gCo. Cheatharlach, tá Cath Chill Chuimne coinnithe i gcuimhne san amhrán [seo](#) a bailíodh sa Bhuiríos. Tá roinnt scéalta [anseo](#) a fuair seanfhear ó sheanbhean a chonaic eachtraí an

chatha sin. Bhí ról nach beag ag na gaibhne in '98 agus iad i mbun dhéanamh na bpící sa cheárta. Deirtear go raibh ceárta ag crosbhóthar Bhaile Eilín agus gur gabhadh an gabha ar amhras go raibh sé ag cabhrú leis na hÉireannaigh Aontaithe. Daoradh é chun báis ach tháinig sé slán as nuair a bhuaigh sé ar Leifteanant Hempenstall i gcluiche cártaí, nó an 'Walking Gallows' mar a thugtaí air de réir an scéil [seo](#). D'fhág imeachtaí na bliana sin a lorg ar mhionainmneacha an chontae chomh maith. Tá scéal [anseo](#) faoin 'Camp Field' i dTuaim Dhubh, Cill tSinill, agus scéal eile [anseo](#) faoin 'Parade Field' i Lomchluain, Fionnmhach. Ar an taobh thiar de Chluain na nGall deirtear go bhfuil an 'Spy Bush' ann. Bhíodh na reibiliúnaigh ag cruinniú le chéile seo ach bhíodh spaire i bhfolach sa tor ag cúléisteacht leo i ngan fhios dóibh. Thángthas air sa deireadh agus crochadh é ar an tor agus deirtear sa scéal [seo](#) go bhfuil a chreatlach le feiceáil ar crochadh ar an tor istoíche ó shin.